Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**8704/22**

**SOC 245**
**EMPL 151**
**SAN 239**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta malartach amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Rómáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), don Rómáin. Tá an téacs seo á chur chuig na saineolaithe dlí agus teanga chun bailchríoch a chur air, sula nglacfar é ag seisiún a bheidh ag an gComhairle amach anseo.

Dréacht

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gceaptar comhalta malartach amháin

de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Rómáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí a chuir rialtais na mBallstát agus eagraíochtaí na bhfostaithe agus eagraíochtaí na bhfostóirí faoi bhráid na Comhairle,

Ag féachaint do liostaí chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 9 Aibreán 2019[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá ainmniúchán amháin tíolactha ag an eagraíocht fostóirí BusinessEurope le haghaidh post amháin atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
2 IO C 137, 11.4.2019, lch. 7.

*Airteagal 1*

Ceaptar an duine a leanas ina chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 31 Márta 2023:

I. IONADAITHE EAGRAÍOCHTAÍ FOSTÓIRÍ

| Tír | Comhalta | Comhalta malartach |
|---|---|---|
| an Rómáin | | Marius OLARIU |

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*